An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice

**LEABHRÁN FAISNÉISE d'IARRTHÓIRÍ**

LÉIGH GO CÚRAMACH LE DO THOIL

Comórtas Oscailte
chun

# Cuntasóir Grád II

**a cheapadh sa**

**Roinn Dlí agus Cirt**

**Dáta Deiridh: 31 Iúil 2023 15.00**

Tá Staffline Recruitment tiomanta do bheartas comhdheiseanna.

Reáchtálfaidh Staffline Recruitment an feachtas seo de réir an Chóid Chleachtais um Cheapacháin chuig Poist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí arna ullmhú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA).
Foilsíonn an CPSA cóid chleachtais agus tá siad ar fáil ar www.cpsa.ie

---

TEAGMHÁIL:

Aonad Earcaíochta Staffline, 5 Cúirt Chúil Dreimhne, An Phríomhshráid, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath

RÍOMHPHOST: martin.greer@staffline.ie
Príomhuimhir: 086 1535391

## CLÁR AN ÁBHAIR


| | Leathanach |
|---|---|
| CUID 1: Forléargas ar an Roinn Dlí agus Cirt | 3 |
| CUID 2: Dualgais an Róil agus Príomh-Riachtanais | 4 |
| CUID 3: Incháilitheacht chun páirt a ghlacadh sa chomórtas agus srianta áirithe ar incháilitheacht | 9 |
| CUID 4: NA PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE | 11 |
| CUID 5: An tIarratas agus an Próiseas Roghnúcháin | 15 |
| CUID 6: Faisnéis Thábhachtach Eile | 17 |

**Cuntasóir Grád II sa**
**Roinn Dlí agus Cirt**

## CUID 1: An Roinn Dlí agus Cirt

Tá an Roinn Dlí agus Cirt freagrach ar an iomlán as beartas poiblí agus riarachán i leith ceartas coiriúil, sábháilteacht pobail, dlí sibhialta agus teaghlaigh, slándáil náisiúnta, saincheisteanna inimirce agus cosanta sonraí. Is é fís na Roinne, mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise 2021-2023 (Ráiteas Straitéise-Ceartas), ná **"go mbeadh Éire ina tír atá sábháilte, cóir agus uilechuimsitheach"** agus baintear an fhís sin amach trí obair a dhéanamh le chéile de réir luachanna na Roinne chun slándáil an phobail agus an tslándáil náisiúnta a chur ar aghaidh, ceartas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint.

Fostaíonn an Roinn thart ar 2,700 duine go díreach agus tá sí freagrach as earnáil an cheartais, a bhfuil 25,000 ball foirne inti agus buiséad níos mó ná €3 billiún aici.

Tá na réimsí seo a leanas san áireamh faoi chúram na Roinne:

- Póilíneacht agus slándáil náisiúnta
- Beartas bunaithe ar fhianaise a fhorbairt i réimsí amhail aghaidh a thabhairt ar choireacht, athchiontú a laghdú, sábháilteacht pobail, bainistiú teorann agus inimirce, agus cosaint sonraí i measc nithe eile
- Reachtaíocht choiriúil agus shibhialta a dhréachtú, lena n-áirítear coinbhinsiúin an AE agus idirnáisiúnta a thrasuí
- Seirbhís inimirce a chur ar fáil
- Gníomh uile-rialtais a threorú ar straitéisí éagsúla, lena n-áirítear ceartas i leith an aosa óig, foréigean baile, foréigean gnéis agus foréigean ar bhonn inscne agus ceartas teaghlaigh.

I gcomhréir le ról na Roinne maidir le hinimirce a bhainistiú agus rialú teorann (Comhlimistéar Taistil), comhoibriú póilíní, eiseachadadh, agus ionchuir i bpróiseas síochána Thuaisceart Éireann, tá ról tábhachtach ag an Roinn sna socruithe a aontaíodh ar leibhéal an AE chun éifeacht a thabhairt d'imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

Tá roinnt príomh-institiúidí Stáit ag feidhmiú go díreach faoi choimirce na Roinne nó ar leithligh ón Roinn - lena n-áirítear An Garda Síochána, An tSeirbhís Cúirteanna agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Tá roinnt comhlachtaí maoirseachta, cigireachta agus rialála bunaithe freisin lena n-áirítear an tÚdarás Póilíneachta, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, Cigireacht an Gharda Síochána, an Coimisiún um Chosaint Sonraí, An Cigire Príosún agus an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí. Tá réimse freagrachtaí tábhachtacha eile curtha i bhfeidhm freisin ag thart ar 25 comhlacht faoi choimirce na Roinne. Tá an Roinn i gceannas ar bheartas agus ar threoir straitéiseach ar fud na hearnála. Is príomhdheis é reachtaíocht thráthúil d'ardchaighdeán a chur ar fáil chun tacú le hathrú agus athrú a chur chun cinn chun an méid sin a bhaint amach agus gach bliain bainistíonn an Roinn an méid is mó de dhréacht-reachtaíocht ó Ranna Rialtais. Is féidir teacht ar struchtúr na hEagraíochta lena n-áirítear sonraí faoi gach gníomhaireacht agus comhlacht ag gov.ie – Faoin Roinn Dlí agus Cirt (www.gov.ie).

**CUID 2: Dualgais an Róil agus Príomh-Riachtanais an Chuntasóra Grád II**

Cé go bhféadfadh dualgais an róil athrú idir na réimsí éagsúla laistigh den Roinn Dlí agus Cirt, déantar cur síos anseo a leanas ar dhualgais thipiciúla an chuntasóra airgeadais a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an ról.

- Cuntais bhliantúla reachtúla nó cuntais leithreasa agus tuarascálacha bainistithe airgeadais na hEagraíochta/na Roinne a ullmhú, a mhaoirsiú, dearbhú cáilíochta a dhéanamh orthu agus cuir leo i gcomhréir le Treoirlínte agus Nósanna Imeachta Airgeadais an Rialtais agus i gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta aitheanta;
- Cuntais bhainc agus/nó cuntais gníomhaireachtaí a réiteach;
- Déileáil le deacrachtaí a thagann chun cinn le linn iniúchtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste;
- Dearbhú a chur ar fáil maidir le sásúlacht bainistithe airgeadais agus córas réitigh;
- Sainchomhairle a chur ar fáil ar fud na Roinne/na hEagraíochta maidir le deacrachtaí bainistithe airgeadais agus iniúchta go háirithe don Oifigeach Cuntasaíochta, nuair is infheidhme, cúnamh a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta chun é/í a ullmhú le teacht os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí (CCP). D'fhéadfadh sé tarlú sa Ról go mbeadh ort dul in éineacht leis an Oifigeach Cuntasaíochta chuig an CCP;
- Páirt a ghlacadh i gcur i bhfeidhm córais cuntasaíochta, uasghrádú agus tionscadail feabhsaithe;
- Comhairle a thabhairt ar réimse seirbhísí comhroinnte agus ar thionscadail Tras-rialtais/Tras-rannach/Tras-eagraíochta agus cuir leo sin lena n-áirítear mar shampla aistriú chuig Cuntasaíocht ar bhonn Fabhraithe sa chás nár tharla sé sin cheana;
- Nuair is cuí, teagmháil a dhéanamh le Cuntasaíocht Rialtais na Roinne Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, nó an Roinn a dtagann Eagraíocht fostaíochta faoina coimirce i ndáil le cúrsaí cuntasaíochta agus cead a fháil uathu sin;
- A chinntiú go mbeidh réiteach cuí ar gach ionstraim íocaíochta agus cuntas gníomhaireachta, agus go mbeidh gach íocaíocht tugtha chun cuntais mar is ceart trí úsáid a bhaint as saineolas ar chuntasaíocht agus caighdeáin iniúchta agus rialuithe inmheánacha cearta;
- Úsáid a bhaint as eolas gairmiúil cuntasaíochta chun córas cuntasaíochta a chur i bhfeidhm, a uasghrádú agus a fheabhsú;
- A chinntiú go mbeidh rialuithe cuntasaíochta inmheánacha cearta i bhfeidhm agus a chinntiú go mbeidh rialuithe agus bearta feidhmíochta i bhfeidhm chun seirbhísí éifeachtacha ardluacha a chur ar fáil;
- Teagmháil a dhéanamh le hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus cuidiú leo a gcuid feidhmeanna a thabhairt i gcrích;
- Cuidiú le tuairisceáin chánachais agus bhuiséadaithe a ullmhú;
- Seasamh chun tosaigh agus freagracht a ghlacadh as tascanna dúshlánacha agus beart a dhéanamh in am agus ar ardchaighdeán;
- Obair a leagan amach agus obair a chur in ord tosaíochta de réir tábhachta, amlínte agus srianta acmhainne eile, agus an t-ord tosaíochta a athrú de réir mar is gá i bhfianaise cúinsí atá ag athrú;
- Solúbthacht agus inoiriúnaitheacht a léiriú i bhfeidhmiú agus i bhforbairt an róil;
- Foireann a bhainistiú agus a stiúradh lena n-áirítear bainistíocht feidhmíochta;
- Ionchur na foirne ina iomláine a threorú agus an oiread leas as agus is féidir a bhaint as sin;
- Spriocanna agus cuspóirí a leagan amach go soiléir agus cúraimí a roinnt go héifeachtach;
- Úinéireacht ar thascanna agus freagracht a ghlacadh astu a spreagadh;
- A chinntiú go mbíonn seirbhís éifeachtach ardchaighdeáin do chustaiméirí lárnach d'obair an rannáin/na heagraíochta/na foirne;
- Ceisteanna a scrúdú go géar le teacht ar bhealaí níos fearr le nithe a dhéanamh;
- Faisnéis cuntasaíochta bainistithe/airgeadais a chur i láthair ar bhealach muiníneach, loighciúil agus áititheach;
- Plé oscailte fiúntach a chothú maidir le ceisteanna oibre;
- Obair a dhéanamh ar thionscadail ar fud Ranna/Eagraíochtaí agus Earnálacha;
- Líonra teagmhálaithe a fhorbairt agus a choimeád d'fhonn réiteach fadhbanna nó roinnt faisnéise a éascú;
- Teagmháil a dhéanamh go héifeachtach le réimse páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

- Tascanna iniúchta inmheánaigh a chur i gcrích go dtí ardchaighdeán (iniúchtaí a phleanáil, a mheasúnú agus a thuairisciú)

Ba cheart d’iarratasóirí a thabhairt ar aird gur treoir ghinearálta ar an ról atá sa mhéid thuas agus ní cur síos iomlán é ar na dualgais a bhaineann leis an ról ná ar na tascanna a d’fhéadfaí a leagan ar ról an Chuntasóra Grád II sa Státseirbhís. Ba cheart d’iarratasóirí a thabhairt ar aird freisin go bhféadfaí dualgais bhreise a shannadh freisin.

**Folúntais**

Cuirfear iarratasóirí a n-éiríonn leo sa chomórtas seo ar phainéal, in ord fiúntais, chun freastal ar riachtanais na Roinne ar feadh tréimhse dhá bhliain.

Tá folúntais ann láithreach i dtrí aonad sa Roinn:

1. An Roinn Dlí agus Cirt, Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Cill Airne, Co. Chiarraí.
2. An tAonad Bainistithe Airgeadais, Plás Íle, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.
3. An tAonad Iniúchta Inmheánaigh, Plás Íle, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.

D’fhéadfadh roinnt taistil a bheith ag teastáil ó am go ham idir Baile Átha Cliath agus Cill Airne nó chuig comhlachtaí ar fud na tíre atá faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt.

Samhlaítear go bhféadfadh folúntais eile teacht chun cinn le linn shaolré an phainéil seo i mBaile Átha Cliath, i gCill Airne nó sa Longfort ach ní féidir liosta críochnaitheach a sholáthar.

.

**Riachtanais Iontrála**

**Bunriachtanach**

**Ní mór** a leanas a bheith ag iarrthóirí, ar an **31 Iúil 2023** nó roimhe sin:

1. Ballraíocht iomlán i gcomhlacht cuntasaíochta ceaptha atá faoi mhaoirseacht Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann;
2. Taithí ábhartha iniúchta/cuntasaíochta dhá bhliain ar a laghad i ndiaidh cáilíocht a bhaint amach lena n-áirítear cuntasaíocht bainistithe agus/nó cuntasaíocht airgeadais, seirbhísí airgeadais, bainistiú cistí nó an timpeallacht rialála;
3. Scileanna dea-fhorbartha TF lena n-áirítear cleachtadh ar Chórais chomhtháite Bainistithe Airgeadais, agus ar gach ceann de na táirgí seo a leanas ó fhoireann Microsoft Office (Word, Excel, PowerPoint, Outlook, OneNote, Publisher, Share-point, agus Skype for Business);
4. Scileanna eagrúcháin agus bainistithe próisis den chéad scoth;
5. Ábalta oibriú faoi bhrú agus sprioc-amanna dochta a bhaint amach le súil ghéar ar mhionsonraí;
6. Scileanna cumarsáide den chéad scoth, ó bhéal agus sa scríobh lena n-áirítear ábalta achoimre a dhéanamh ar shaincheisteanna teicniúla casta ar bhealach ciallmhar agus gonta;
7. Ábalta oibriú as do stuaim féin agus mar chuid d’fhoireann;
8. Ábalta oibriú go héifeachtach i dtimpeallacht ildisciplíneach;
9. Ábalta breithiúnais iontaofa a dhéanamh ar shaincheisteanna teicniúla agus an gníomh iarmhartach riachtanach a mholadh
10. A bheith tiomanta do scileanna agus cáilíochtaí gairmiúla a fhorbairt ar bhonn leanúnach
11. Tuiscint ar chuntasaíocht na hearnála poiblí agus córais bainistithe airgeadais nó ábalta tuiscint á fháil go tapa ar chórais den sórt sin.

**Chomh maith leis an méid thuas, ní mór d’iarrthóirí a bheith in ann na hInniúlachtaí Barrthábhachtacha a aithníodh i leith feidhmíocht éifeachtach ag an leibhéal seo a léiriú freisin. (Féach leathanach 6)**

**Inmhianaithe:**

- Taithí ar iniúchtaí airgeadais a dhéanamh ar eagraíochtaí san earnáil phríobháideach nó phoiblí;
- Taithí ar phróiseáil/iniúchóireacht nó ar sheiceálacha fíoraithe a dhéanamh ar chistí AE i

gcomhlachtaí poiblí;

- Taithí ar thuarascálacha iniúchóra agus comhaid iniúchóra a ullmhú
- Taithí ar thuarascálacha airgeadais agus neamh-airgeadais a ullmhú
- Taithí ar chórais ghinearálta agus airgeadais a mheasúnú agus an cumas ráitis airgeadais a athbhreithniú in aghaidh cáipéisí tacaíochta
- Beidh taithí iniúchóireachta ag teastáil ón ról iniúchta
- Ciall a léiriú agus cur chuige praiticiúil i leith moltaí iniúchta agus scríobh tuarascálacha
- Taithí ar fhoireann agus acmhainní eile a bhainistiú
- Tuairisciú bainistithe feidhmíochta agus tuairisciú bainistithe riosca
- Taithí ar mhórthionscadail bhunathraitheacha Airgeadais e.g. athstruchtúir mhóra
- Visio, Power Bi nó bogearraí léirshamhlaithe sonraí eile a úsáid

## Inniúlachtaí Barrthábhachtacha i leith feidhmíocht éifeachtach mar Chuntasóir Grád II

| CUNTASÓIR (GRÁD II) |
|---|
| **Ceannaireacht** |
| • Cuireann go gníomhach le forbairt straitéisí agus bheartais na Roinne<br>• Bíonn fócas agus díocas i gceist maidir le hardleibhéil feidhmíochta a bhaint amach agus a choinneáil, ag dul i ngleic le fadhbanna feidhmíochta ar bith de réir mar a thagann siad aníos<br>• Stiúrann ionchur na foirne ina iomláine agus baineann an oiread leas as agus is féidir as<br>• Déanann éifeachtacht torthaí a mheas i gcomhthéacs níos leithne ná an réimse a bhaineann go díreach leis<br>• Sonraíonn cuspóirí/ spriocanna go soiléir agus roinneann cúraimí go héifeachtach, ag moladh go nglacfaí úinéireacht agus freagracht as tascanna<br>• Forbraíonn cumas daoine eile trí aiseolas a thabhairt, cóitseáil a dhéanamh & deiseanna i leith forbairt scileanna a chruthú<br>• Aithníonn agus tapaíonn deiseanna chun tairbhe a bhaint as cainéil seachadta seirbhíse nua agus nuálacha |
| **Anailís & Cinnteoireacht** |
| • Déanann miontaighde ar cheisteanna, téann i gcomhairle le daoine eile de réir mar is gá chun an fhaisnéis uile a theastaíonn ar cheist a bhailiú<br>• Tuigeann ceisteanna casta go sciobtha, súnn isteach sonraí (lena n-áirítear sonraí uimhriúla) agus déanann measúnú orthu go beacht<br>• Comhtháthaíonn snáithe faisnéise éagsúla, ag aithint idirghaolmhaireachtaí agus nasc<br>• Déanann cinntí soiléire, tráthúla a bhfuil go leor fianaise taobh thiar díobh ar shaincheisteanna tábhachtacha<br>• Measann na himpleachtaí níos leithne a bhaineann le cinntí ar réimse páirtithe leasmhara<br>• Glacann seasamh daingean ar cheisteanna a mheasann sé/sí a bheith tábhachtach |
| **Bainistíocht & Seachadadh Torthaí** |
| • Glacann freagracht as tascanna dúshlánacha agus déanann an beart in am agus ar ardchaighdeán<br>• Leagann obair amach agus cuireann obair in ord tosaíochta de réir tábhachta, amlínte agus srianta acmhainne eile, agus athraíonn an t-ord tosaíochta de réir mar is gá i bhfianaise cúinsí atá ag athrú<br>• Cinntíonn go mbíonn seirbhís éifeachtach ardchaighdeáin do chustaiméirí lárnach d'obair an rannáin<br>• Scrúdaíonn ceisteanna go géar le teacht ar bhealaí níos fearr le nithe a dhéanamh<br>• Oscailte do smaointe, tionscnaimh agus réitigh chruthaitheacha nua ar fhadhbanna<br>• Cinntíonn go bhfuil rialuithe agus bearta feidhmíochta i bhfeidhm chun seirbhísí éifeachtacha ardluacha a chur ar fáil<br>• Bainistíonn tionscadail iomadúla go héifeachtach ag an am céanna |
| **Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide** |
| • Cuireann faisnéis i láthair ar bhealach muiníneach, loighciúil agus áititheach, ó bhéal agus i scríbhinn<br>• Cothaíonn plé oscailte fiúntach maidir le ceisteanna oibre<br>• Cuireann obair foirne chun cinn laistigh den rannán, ach oibríonn go héifeachtach ar thionscadail ar fud Ranna / Earnálacha chomh maith<br>• Coinníonn guaim agus smacht agus é ag obair chun tionchar a imirt ar dhaoine eile<br>• Cothaíonn béim láidir ar Sheirbhís do Chustaiméirí ina réimse oibre<br>• Forbraíonn líonra teagmhálaithe agus coimeádann é, d'fhonn réiteach fadhbanna nó roinnt faisnéise a éascú<br>• Déanann teagmháil éifeachtach le raon páirtithe leasmhara, lena n-áirítear daoine den phobal, Comhghleacaithe sa tSeirbhís Phoiblí agus an córas polaitíochta |
| **Treallús agus Tiomantas** |
| • Duine féin-spreagtha a léiríonn fonn a bheith ag feidhmiú ar ardleibhéal i gcónaí<br>• Duine macánta agus iontaofa ar féidir brath air<br>• Cinntíonn go bhfuil an saoránach lárnach do na seirbhísí ar fad a chuirtear ar fáil<br>• Trí cheannaireacht a thabhairt le dea-shampla, cothaíonn na caighdeáin is airde eitice agus ionracais |

| Eolas Speisialtóra, Saineolas agus Féinfhorbairt |
|---|
| • Tuiscint soiléir ar chuspóirí agus spriocanna an róil atá aige féin agus ag an bhfoireann, agus ar mar a thagann siad le hobair an aonaid agus na Roinne<br>• Leithead agus doimhneacht faisnéise aige ar an Roinn agus ar cheisteanna Rialtais agus tuisceanach ar thosaíochtaí polaitíochta agus eagraíochta i gcoitinne<br>• Measann páirtithe leasmhara ina réimse féin gur saineolaí é<br>• Dírithe ar fhéinfhorbairt, aiseolas a lorg agus ar dheiseanna forbartha chun cuidiú leis riachtanais shonracha an róil a chomhlíonadh |

**CUID 3: Incháilitheacht chun páirt a ghlacadh sa chomórtas agus srianta áirithe ar incháilitheacht**

**Riachtanais Saoránachta**

Ní mór d'Iarrthóirí Incháilithe:

**(a)** A bheith ina saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Is éard atá in LEE ná Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; **nó**

**(b)** a bheith ina saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA); **nó**

**(c)** a bheith ina saoránach de chuid na hEilvéise de bhua an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; **nó**

**(d)** a bheith ina saoránach nach saoránach de chuid an LEE é atá ina chéile nó leanbh ag saoránach LEE nó saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe nó saoránach de chuid na hEilvéise a bhfuil víosa stampa 4 aige; **nó**

**(e)** Duine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta bronnta air faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall den teaghlach atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige **nó**

**(f)** Saoránach neamh-LEE atá ina thuismitheoir ag leanbh cleithiúnach atá ina shaoránach, agus atá ina chónaí, i mballstát LEE, sa Ríocht Aontaithe nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige

**Chun cáiliú, ní mór d'iarrthóirí a bheith incháilithe faoi dháta aon tairisceana ar phost.**

**Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí**

Rinneadh Comhaontú Comhchoiteann, ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann i ndáil le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex gratia le Seirbhísigh Phoiblí, agus a bhfuil éifeacht leis ón 1 Meitheamh 2012, a thabhairt isteach leis an litir dar dáta an 28 Meitheamh 2012 ón Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra. Tá de choinníoll faoin gComhaontú Comhchoiteann nach mbeidh an té a thapaíonn socrú faoin gcomhaontú sin incháilithe maidir le hathfhostú sa tSeirbhís Phoiblí ag aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (faoi mar a thugtar sainmhíniú ina leith sin sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011) go ceann tréimhse dhá bhliain ó dhéantar an fhostaíocht a fhoirceannadh. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamh-incháilitheachta).

**An Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS):**

Is coinníoll é de chuid na Scéime Dreasachta Luathscoir mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais nach bhfuil daoine atá ar scor, faoin Scéim sin, incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Dá réir sin, ní féidir le daoine a chuaigh ar scor ar an gcaoi sin cur isteach ar an bpost seo.

**Ciorclán (7/2010) ón Roinn Sláinte agus Leanaí:**

Tugadh isteach an Scéim Spriocdhírithe um Luathscor Deonach (LSD) agus na Scéimeanna um Iomarcaíocht Dheonach (SID) le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010. Tá de choinníoll faoin Scéim LSD nach mbeidh duine a bhaineann leas as an scéim incháilithe maidir le hathfhostú in earnáil na sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí go ginearálta ná in aon chomhlacht a mhaoinítear go hiomlán nó ar an mórgóir as cistí poiblí. Tá cosc den chineál céanna ar athfhostú i gceist leis an scéim SID, ach leanann an toirmeasc go ceann tréimhse 7 mbliana sa chás sin. Ní bheidh daoine a bhain leas as an scéim LSD incháilithe chun páirt a ghlacadh sa chomórtas seo. Beidh ar aon duine a bhain leas as an scéim SID agus a n-éiríonn leis/léi sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (go bhfuil deireadh leis an tréimhse neamhcháilitheachta).

**An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (Litir Chiorcláin RÁ (P) 06/2013)** Tugadh isteach Scéim um Iomarcaíocht Dheonach le haghaidh Údarás Áitiúil le Litir Chiorcláin RÁ(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. I gcomhréir le téarmaí an *Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí* dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá leagtha amach thuas, is coinníoll ar leith de chuid na Scéime LSD é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú in aon eagraíocht de chuid na seirbhíse poiblí ag aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 go 2011 agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012] go ceann tréimhse 2 bhliain óna ndáta scoir faoin Scéim sin. Beidh na coinníollacha seo i bhfeidhm i gcás gur ar bhonn conartha i gcomhair seirbhíse (bíodh sé sin mar chonraitheoir nó mar fhostaí chonraitheora) atá an fostú/an fhostaíocht.

**Dearbhú:**

Éileofar ar iarratasóirí a dhearbhú cibé ar bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir de chuid na Seirbhíse Poiblí cheana féin. Éileofar freisin ar iarratasóirí aon teidil chun sochar pinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhú agus/nó é a dhearbhú i gcás go bhfuair siad íocaíocht ionaid maidir le seirbhís in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí.

## CUID 4: NA PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

**Ginearálta**

Is ceapachán chuig post buan sa Státseirbhís é an ceapachán agus tagann sé faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 2005, an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 agus aon Acht eile atá i bhfeidhm de thuras na huaire agus a bhaineann leis an Státseirbhís.

**Tuarastal**

**Is mar seo a leanas an Scála Tuarastail don phost: (rátaí i bhfeidhm ón 1 Márta 2023):**
**Cuntasóir Gairmiúil Grád II - Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin (RPP)**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| €68,491 | €70,056 | €71,617 | €73,185 | €74,749 | €75,165 |
| €76,707 | €78,307NMAX | €80,913LSI1 | €83,525LSI2 | | |

Bíonn ráta pá an RPP i bhfeidhm nuair a éilítear ar an duine aonair Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a íoc (ar a dtugtar ranníocaíocht phríomhscéime freisin) de réir rialacha na príomhscéime aoisliúntais/na scéime aoisliúntais pearsanta atá aige. Tá sé seo difriúil le ranníocaíocht maidir le ballraíocht i scéim Céilí agus Leanaí, nó na Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais (RBA).

Beidh ráta difriúil i bhfeidhm sa chás nach gceanglaítear ar an té a cheaptar Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

D'fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha i ndiaidh 3(LSI1) agus 6(LSI2) bliana de sheirbhís shásúil a chur i gcrích ag leibhéal uasta an scála.

**Nóta Tábhachtach**

Is ag leibhéal íosta an scála a thosóidh an té a cheapfar agus ní bheidh an ráta luacha saothair faoi réir idirbheartaíochta. D'fhéadfaí é a athrú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.
D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha ar leith a bheith i gceist i gcás duine atá ag fónamh ina státseirbhíseach nó ina s(h)eirbhíseach poiblí faoi láthair.
D'fhéadfadh incrimintí a bheith iníoctha de réir Bheartas reatha an Rialtais faoi réir feidhmíocht shásúil.

Aontóidh tú go ndéanfaidh tú aon ró-íocaíocht ar thuarastal, liúntais nó costais a aisíoc de réir Chiorclán 07/2018: Aisghabháil Ró-íocaíochta Tuarastail, Liúntas agus Caiteachais a rinneadh le Baill Foirne/Iar-Bhaill Foirne/Pinsinéirí.

**Sealbhaíocht an Phoist agus Promhadh**

Is ceapachán i bpost buan sa Státseirbhís ar chonradh promhaidh a dhéanfar.

Is go ceann tréimhse bliana ón dáta arna shonrú ar an gconradh a mhairfidh an conradh promhaidh. Gan dochar dá bhfuil san alt seo agus san alt thíos a leanann díreach ina dhiaidh, ní chiallaíonn sin nach féidir síneadh a chur leis an gconradh promhaidh nuair a oireann mar gheall ar chúinsí áirithe.

I rith thréimhse an chonartha promhaidh, beidh do chuid feidhmíochta faoi réir athbhreithniú ag maoirseoir(í) de do chuid d'fhonn a dheimhniú:

(i) An raibh d'fheidhmíocht sásúil,
(ii) An raibh d'iompar ginearálta sásúil, agus
(iii) An bhfuil tú oiriúnach ó thaobh sláinte de, ag féachaint go háirithe do shaoire bhreoiteachta.

Sula dtagann deireadh leis an gconradh promhaidh déanfar cinneadh an gcoinneofar tú de bhun *Alt 5A(2) d'Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 – 2005*. Bunófar an cinneadh sin ar dhéanamh do chuid oibre arna mheasúnú de réir chritéir (i) go (iii) thuas. Déanfar mioneolas faoin bpróiseas promhaidh a mhíniú duit agus tabharfar cóip duit de threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe maidir le promhadh.

Gan dochar dá bhfuil sna hailt roimhe seo, is féidir le ceachtar den dá pháirtí, i gcomhréir leis na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 go 2005, an conradh promhaidh a fhoirceannadh tráth ar bith roimh dheireadh a theacht le téarma an chonartha.
In imthosca áirithe, féadfar an conradh a shíneadh agus an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí. Ní mór don dá pháirtí aontú leis an síneadh sin.

- Beidh an tréimhse phromhaidh ar fionraí le linn d'fhostaí a bheith as láthair de bharr Saoire

Mháithreachais nó Saoire Uchtála

- Sa chás go bhfuil fostaí as láthair ar Shaoire do Thuismitheoirí nó ar Shaoire Cúramóirí, féadfaidh an fostóir a cheangal go bhfionrófar an tréimhse phromhaidh más rud é go meastar nach bhfuil an asláithreacht ar comhréir le leanúint den phromhadh
- Is féidir tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí i gcásanna éagsúla, mar shampla sa chás go mbítear as láthair mar gheall ar bhreoiteacht nach breoiteacht a tharlaíonn arís agus arís eile.

I gcásanna den sórt sin, is féidir leis an bhfostaí a iarraidh ar an bhfostóir síneadh a chur le tréimhse an chonartha.

Beidh tréimhse phromhaidh aon bhliain amháin le cur isteach ag gach duine a cheaptar. Sa chás nach sásaíonn duine a cheaptar na coinníollacha uile a ghabhann leis an tréimhse phromhaidh agus gur duine an té sin a bhí ag fónamh ina státseirbhíseach díreach sular tharla a c(h)eapadh ón gcomórtas seo, is gnách ina leithéid sin de chás go dtiocfadh filleadh ar ais i gceist. Fillfidh an t-oifigeach i gcás den sórt sin ar fholúntas sa ghrád a bhíodh roimhe sin acu sa Roinn ina mbíodh sé/sí.

**Uaireanta Freastail**

Beidh na huaireanta freastail socraithe ó am go ham ach ní bheidh siad níos lú ná 41 uair an chloig agus 15 nóiméad comhlán in aghaidh na seachtaine, gan sosanna lóin san áireamh nó 35 uair an chloig glan in aghaidh na seachtaine. Beidh ar an iarrthóir a n-éireoidh leis uaireanta breise a oibriú ó am go ham de réir mar is réasúnach agus mar is gá chun a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh i gceart, gan na teorainneacha atá leagtha amach sna rialacháin um am oibre a shárú.

**Saoire Bhliantúil**

Saoire bhliantúil 27 lá ag ardú go dtí 30 lá in aghaidh na bliana tar éis 5 bliana seirbhíse a ghabhann leis an bpost seo faoi láthair. Tá an liúntas sin faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a thabhairt sa Státseirbhís agus tá sé bunaithe ar sheachtain cúig lá. Níl na gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh ann.

**Saoire Bhreoiteachta**

Pá le linn easnaimh tinnis deimhnithe mar is cuí, mura bhfuil fianaise ar mhíchumas buan don tseirbhís, a bheidh i bhfeidhm ar bhonn pro-rata, i gcomhréir le forálacha na gciorclán saoire tinnis. Beidh ceangailte ar an oifigeach ag a mbíonn ÁSPC ar ráta Aicme A á íoc sainordú a shíniú lena dtugtar d'údarás don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochar a bhíonn dlite dó faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaí a íoc go díreach leis an Roinn/Eagraíocht ina bhfuil sé fostaithe. Braithfidh íocaíocht le linn na breoiteachta ar na héilimh chuí a bheith á ndéanamh ag an té a cheapfar le haghaidh sochar árachais shóisialta don Roinn Coimirce Sóisialaí go díreach laistigh den teorainn ama riachtanach.

**Aoisliúntas agus Scor**

Déanfar na téarmaí agus na coinníollacha aoisliúntais cuí a bheidh i réim sa Státseirbhís a chur in iúl tráth a mbeidh an post á thairiscint don iarrthóir a n-éireoidh leis/léi. Go ginearálta, tairgfear ceapachán bunaithe ar bhallraíocht i Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("an Scéim Aonair") a thairiscint do dhuine nár oibrigh riamh roimhe sin sa tSeirbhís Phoiblí. Tá sonraí iomlána ina leith sin ar fáil ar www.singlepensionscheme.gov.ie.

Sa chás go raibh an té a cheapfar ag obair i gcáil inphinsin (téarmaí na Scéime neamhaonair) sa tseirbhís phoiblí sna 26 seachtaine roimh an gceapachán, nó go bhfuil sé/sí ar shos gairme nó saoire speisialta le pá/gan phá faoi láthair, d'fhéadfadh téarmaí eile a bheith i bhfeidhm. Déanfar teideal pinsin maidir le daoine ceaptha den sórt sin a bhunú i gcomhthéacs a staire fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Seo a leanas na príomhfhorálacha a ghabhann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

- Aois Inphinsin: Is ionann an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha leis an aois incháilitheachta don Phinsean Stáit, is é sin 66 bliain d'aois i láthair na huaire.
- Aois Scoir: Ní mór do bhaill na Scéime dul ar scor nuair a bheidh 70 bliain d'aois slánaithe acu.
- Úsáidtear meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraíonn pinsean agus cnapshuim gach bliain agus déantar iad a uasrátáil gach bliain trí thagairt don Phraghasinnéacs Tomhaltóirí (PIT)).
- Bíonn ardú ar an bpinsean tar éis dul ar scor ceangailte leis an PIT

**Laghdú Pinsin**

- Sa chás go raibh an té a cheaptar fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí

agus pinsean á fháil aige nó aici ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Poiblí, nó sa chás go gcuirtear tús le híocaíocht pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí leis/léi i rith a t(h)réimhse athfhostaíochta, beidh an pinsean sin **faoi réir lacáiste** de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair ar aird: Trí iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, glacann tú leis go dtuigeann tú go mbeidh na forálacha lacáiste i bhfeidhm, nuair is ábhartha. Ní shamhlaítear go dtacóidh an Roinn/Oifig fostaíochta le hiarratas ar tharscaoileadh lacáiste maidir le ceapacháin sa phost seo.**

- Mar sin féin, sa chás go raibh an té a cheapfar fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus pinsean bronnta air nó uirthi faoi shocruithe do luathscor deonach (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS) nó Ciorclán 7/2010 LSD/SID ón Roinn Sláinte, nó Ciorclán RÁ(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a fhágfaidh nach mbeidh duine incháilithe don chomórtas), beidh deireadh leis an teidlíocht ar an bpinsean sin ó dháta an athcheapacháin. Is féidir in ainneoin sin socrú speisialta a dhéanamh, maidir leis an tseirbhís a rinne an té a cheaptar roimhe seo a áireamh i ndáil le haon íocaíocht aoisliúntais a mbeidh an té a cheaptar ina theideal san am atá le teacht.
- **Ciorclán 102/1007 na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí** Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll de chuid na Scéime Luathscoir gurb amhlaidh, seachas sna cásanna a leagtar amach in ailt 10.2 agus 10.3 den doiciméadacht ciorcláin iomchuí agus sna cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shraitheanna 1, 2 nó 3 den Scéim seo agus má fhostaítear é in aon cháil i réimse ar bith san earnáil phoiblí, scoirfear láithreach de phinsean a íoc leis an duine sin faoin Scéim. Cuirfear tús arís le híocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a scoirfear den fhostaíocht sin nó ar an lá a shlánóidh an duine 60 bliain d'aois, cibé acu is déanaí, ach nuair a thosófar ar íocaíochtaí pinsin arís, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear na blianta breise a tugadh roimhe sin san áireamh nuair a bheidh an íocaíocht pinsin á ríomh).
- **Scor mar gheall ar Easláinte**
  Tabhair do d'aire gurb amhlaidh, i gcás duine ar bith a scoir roimhe seo de dheasca easláinte faoi théarmaí scéime aoisliúntais, go bhfuil ceanglas air/uirthi a dhearbhú don eagraíocht a bhfuil an comórtas earcaíochta á reáchtáil acu, sa chéim iarratais tosaigh, go bhfuil pinsean den sórt sin á fháil aige/aici.

  Beidh ar iarratasóirí freastal ar oifig an Phríomhoifigigh Leighis go ndéanfar measúnú ar a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a thabhairt, agus aird á tabhairt ar an gcoinníoll a d'fhág go raibh siad incháilithe scor de dheasca easláinte.

  *Ceapachán i ndiaidh scor ón tSeirbhís Phoiblí de dheasca easláinte:*
  Sa chás go n-éireoidh le hiarratas an iarratasóra sa chomórtas, ba chóir dó a bheith ar an eolas faoin méid seo a leanas:

  1. Sa chás go measfar an t-iarratasóir a bheith folláin chun seirbhís rialta agus éifeachtach a thabhairt agus go sannfar do phost é, beidh deireadh lena phinsean de dheasca easláinte ón státseirbhís.
  2. Sa chás go dteipfidh ar an iarratasóir an tréimhse phromhaidh a thabhairt chun críche nó sa chás go gcinnfidh sé/sí éirí as an bpost a sannadh dó, ní féidir filleadh ar stádas Scoir de dheasca Easláinte sa Státseirbhís, arbh ann dó sula ndearnadh an t-iarratas, ná ní bheidh teideal ina leith.
  3. Déanfar ball den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair den iarratasóir ar a c(h)eapadh sa chás go raibh briseadh níos mó ná 26 seachtain ina s(h)eirbhís inphinsin sa státseirbhís/sa tseirbhís phoiblí.

  *Ceapachán i ndiaidh scor ón tseirbhís phoiblí de dheasca easláinte:*

  1. Sa chás gur scoir duine ó chomhlacht sa tseirbhís phoiblí féadfaidh go mbeidh a p(h)insean easláinte ón bhfostaíocht sin faoi réir athbhreithnithe ag teacht leis na rialacha maidir le scor de dheasca easláinte faoin scéim sin.
  2. Sa chás go n-éiríonn le hiarratasóir, beidh ar an iarratasóir, ar a c(h)eapadh, a dhearbhú cibé an bhfuil pinsean (easláinte nó eile) á fháil acu ón tseirbhís phoiblí agus féadfaidh go mbeidh a bpinsean ón tseirbhís phoiblí faoi réir lacáiste.
  3. Déanfar ball den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair den iarratasóir ar a c(h)eapadh sa chás go raibh briseadh níos mó ná 26 seachtain ina s(h)eirbhís inphinsin sa státseirbhís/sa

tseirbhís phoiblí.

Tabhair do d'aire go bhfuil fáil ar fhaisnéis níos mionsonraithe faoi na himpleachtaí dá bpinsean do dhaoine a bhfuil pinsean de dheasca easláinte á fháil acu ón státseirbhís nó ón tseirbhís phoiblí ag Scor mar gheall ar Easláinte - hr.per.gov.ie.

**Fabhrú Pinsin**

Beidh teorainn 40 bliain leis an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh maidir le pinsean sa chás go raibh ballraíocht ag duine i líon is mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin a bhí i bhfeidhm roimh ré (i.e. scéim pinsin seachas an Scéim Aonair) i gcomhréir le hAcht na bliana 2012. Déantar foráil don teorainn 40 bliain seo faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí, (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. D'fhéadfadh go dtiocfadh sin i bhfeidhm i ndáil le duine a cheaptar ag a bhfuil cearta pinsin cheana féin mar gheall ar fhostaíocht roimhe seo sa tseirbhís phoiblí.

**Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais**

Tagann an Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais (RBA) i gceist leis an gceapachán seo i gcomhréir leis an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. **Tabhair ar aird:** Tá aisbhaintí RBA sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (príomhscéim agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) atá de dhíth faoi rialacha do scéime pinsin.

Tá breis eolais faoin Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ar fáil ar an láithreán gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie.

**Rúndacht, Príobháideachas agus Caighdeáin Iompair: Rúndacht Oifigiúil agus Ionracas:**

Le linn théarma an chonartha promhaidh, beidh oifigeach faoi réir Fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Aontóidh an t-oifigeach gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe neamhúdaraithe, cibé acu le linn na tréimhse fostaíochta nó dá éis.

**Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse:**

Beidh an té a cheapfar faoi réir Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse.

**Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí:**

Beidh feidhm ag na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, de réir mar is cuí, maidir leis an gceapachán seo.

**Cead roimh ré maidir le foilseacháin:**

Aontóidh oifigeach gan ábhar maidir le dualgais oifigiúla a fhoilsiú gan cead roimh ré ó Chathaoirleach an Údaráis nó ó oifigeach eile leis an údarás cuí chuige sin.

**Gníomhaíocht Pholaitíochta:**

Le linn an téarma fostaíochta, beidh an té a cheapfar faoi réir na rialacha lena rialaítear fostaithe sa státseirbhís agus an pholaitíocht.

**Tabhair do d'aire**

Mar Fhostóir Rogha, tá a lán beartas oibre solúbtha agus cairdiúil don teaghlach ag an Státseirbhís, lena n-áirítear roinnt deiseanna chun cianobair a dhéanamh. Tabhair do d'aire gur féidir le hiarrthóirí a n-éireoidh leo deiseanna solúbtha oibre a iarraidh, mar sin féin, is de rogha an fhostóra é agus déantar cinneadh de réir riachtanais ghnó na heagraíochta, agus ar bhonn cás ar chás.

## FÓGRA TÁBHACHTACH

**Is ionann an méid thuas agus na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe le bheith ina liosta cuimsitheach de théarmaí agus coinníollacha uile na fostaíochta a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a bheidh le comhaontú leis an iarrthóir a n-éireoidh leis.**

## CUID 5: An tIarratas agus an Próiseas Roghnúcháin

## AN PRÓISEAS IARRATAIS

**Conas Iarratas a Dhéanamh**
Tabhair do d'aire, le do thoil, go bhfuil an Roinn Dlí agus Cirt tar éis dul i dteagmháil le cuideachta earcaíochta sheachtrach (Staffline Recruitment) chun an próiseas iarratais ar líne a bhainistiú agus chun cabhrú leis an bpróiseas roghnúcháin. Is féidir leat cur isteach ar ról an Chuntasóra, Grád II, ach an fhoirm iarratais ar líne a chomhlánú ag https://staffline.getgotjobs.ie/home

**An Dáta Deiridh**
Is é an dáta deiridh chun iarratais chomhlánaithe a fháil:
**15.00, Dé Luain 31ú Iúil 2023**

Moltar duit iarratas a dhéanamh i bhfad roimh an data deiridh ar eagla go mbeidh aon deacrachtaí agat. Beidh tacaíocht ar fáil trí ríomhphost ag martin.greer@staffline.ie.

Is faoin iarrthóir atá sé an fhoirm iarratais a chomhlánú go hiomlán. Tá iarrthóirí i mbaol a n-iarrthóireacht a tharraingt siar má chuireann siad iarratas bán nó iarratas páirt-chomhlánaithe isteach. Ní ghlacfar ach le hiarratais lán-chomhlánaithe.

Ní ghlacfar leis go gciallaíonn duine a ligean isteach sa chomórtas, nó cuireadh chun tabhairt faoi ghné ar bith den phróiseas roghnúcháin, nó litir toraidh rathúil, go bhfuil an Roinn Dlí agus Cirt sásta go gcomh-líonann an duine sin na bunriachtanais.

**Is é is dóichí go ndéanfar na hagallaimh do na poist seo i mí Lúnasa 2023.**

## An Próiseas Roghnúcháin

**Modhanna Roghnúcháin**
D'fhéadfaí a áireamh mar chuid den Roghnúchán:
- gearrliostú na n-iarrthóirí bunaithe ar an bhfaisnéis atá ina n-iarratas
- réamhagallamh iomaíoch
- agallaimh a dhéanamh ó chian
- cur i láthair nó bearta eile
- agallamh deiridh iomaíoch
- tástálacha nó bearta ar bith eile a mheastar a bheith oiriúnach

**Cumarsáid**
Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt ar aird gur tríd an ríomhphost amháin a chuirfear gach cumarsáid a bhaineann leis an gcomórtas seo, lena n-áirítear soláthar na dtorthaí, ar fáil. Ba cheart d'iarrthóirí a chinntiú go bhfuil seoladh ríomhphoist bailí agus sonraí teagmhála curtha ar fáil san fhoirm iarratais agus ba cheart dóibh a ríomhphoist a sheiceáil ar bhonn rialta.

**Gearrliostú**
Sáraíonn líon na n-iarratas a fhaightear ar phost go ginearálta an líon a theastaíonn chun folúntais reatha agus amach anseo a líonadh. Cé go bhféadfadh iarrthóir riachtanais incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, má tá an líon a dhéanann iarratas ar an bpost chomh mór sin nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine, féadfar an cinneadh a dhéanamh líon níos lú a ghlaoch go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin. Maidir leis seo, cuirfear iarrthóirí ar ghearrliosta chun grúpa a roghnú a bhfuil an chuma orthu, bunaithe ar scrúdú ar na foirmeacha iarratais, is oiriúnaí don phost. Ní hé sin le rá gur gá nach mbeadh iarrthóirí eile oiriúnach nó nach mbeadh ar a gcumas tabhairt faoin gcúram; is é atá i gceist go bhfuil iarrthóirí áirithe ar cosúil, bunaithe ar a n-iarratas, gur fearr cáilithe iad agus/nó gur mó an taithí atá acu. Déanfaidh sainbhord scrúdú ar na foirmeacha iarratais

in aghaidh na gcritéar aontaithe gearrliostaithe bunaithe ar na riachtanais don phost. D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh critéir bhunriachtanacha agus inmhianaithe araon atá luaite leis an bpost san áireamh sna critéir ghearrliostaithe. Dá bhrí sin, is é do leas é mionchuntas cruinn a thabhairt san fhoirm iarratais ar na cáilíochtaí/an taithí atá agat.

**Rúndacht**

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, caithfear le hiarratais go huile agus go hiomlán faoi rún.

**Seiceáil Slándála**

Beidh ort foirm ríomh-Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a chur ar ais má bhreithnítear tú le haghaidh ceapacháin. Déanfar foirmeacha den sórt sin a sheoladh ar aghaidh chuig an nGarda Síochána chun seiceáil slándála a dhéanamh ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éirinn ag ar chónaigh tú. Mar sin féin sa chás nach n-éireodh le d'iarratas don chomórtas, scriosfaidh Staffline an fhoirm seo. Sa chás go mbreithneofar tú do phost eile ina dhiaidh sin, d'fhéadfadh sé tarlú dá bhrí sin go mbeadh ort Foirm Ghrinnfhiosrúcháin eile an Gharda Síochána a chomhlánú.

Má bhí cónaí ort / má rinne tú staidéar i dtír taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann ar feadh tréimhse 6 mhí nó níos faide, tá sé **éigeantach** go gcuirfidh tú **Teastas Imréitigh Póilíní** ar fáil ó na tíortha sin lena luaitear nach bhfuil aon chiontú taifeadta i d'aghaidh fad agus a bhí tú i do chónaí ansin. Beidh ort **Teastas Imréitigh Póilíní ar leith a chur ar fáil do gach tír a raibh cónaí ort iontu.** Ní mór an t-imréiteach a bheith dátaithe i ndiaidh an dáta a d'fhág tú an tír. Ba cheart d'iarrthóirí a bheith ar an eolas gur féidir le haon fhaisnéis a fhaightear i bpróiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chur ar fáil don údarás fostaíochta.

**Tá sé de fhreagracht ORTSA imréitigh shlándála a lorg in am trátha toisc gur féidir roinnt ama a bheith i gceist leo. Ní féidir tú a cheapadh gan an fhaisnéis sin a bheith curtha ar fáil agus a bheith in ord.**

**Riachtanais cháilitheachta**

D'fhéadfadh sé tarlú nach ndeimhneofaí cáilíochtaí/cáilitheacht go dtí an chéim deiridh den phróiseas agus dá bhrí sin, tá na hiarrthóirí sin nach bhfuil na riachtanais bhunriachtanacha acu agus a leanann ar aghaidh lena n-iarratas ag tarraingt stró/costas neamhriachtanach orthu féin agus ní thairgfear post dóibh ón gcomórtas seo.

Tabhair ar aird, i bhfianaise an méid iarratais, níl cead ag Staffline comhairle a mheas ná a chur ar fáil maidir le cáilíochtaí/cáilitheacht na ndaoine aonair mura bhfuil siad faoi bhreithniú. Is faoin iarrthóir atá sé a chinntiú go gcomhlíonfaidh siad na riachtanais cháilitheachta atá leagtha amach. Forchoimeádann Staffline an ceart lena mheas go bhfuil iarrthóir neamh-incháilithe ag céim ar bith má tá sé soiléir nach bhfuil na cáilíochtaí/an cháilitheacht atá de dhíth ag an iarrthóir e.g. ón bhfoirm iarratais a cuireadh isteach. Beidh ar iarrthóirí atá faoi bhreithniú i ndiaidh na céime deiridh roghnúcháin fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil ar a gcáilitheacht, cáilíochtaí san áireamh.

Is féidir iarrthóirí nach bhfuil in ann a thaispeáint go bhfuil na cáilíochtaí atá de dhíth acu a chur amach as an gcomórtas ag céim ar bith. Ní hionann cuireadh chun tástáil, agallamh nó aon ghné den phróiseas roghnúcháin a dhéanamh agus glacadh leis go bhfuil tú incháilithe.

Ní bheidh an Roinn Dlí agus Cirt freagrach as aon chostas a thabhaigh na hiarrthóirí a aisíoc. Tairgfear na poist de réir oird chuig na hiarrthóirí sin a fuair an marc is airde san ord fiúntais ar an iomlán a cuireadh le chéile i ndiaidh na n-agallamh, i.e. tairgfear post do na hiarrthóirí, duine ar dhuine, leis an rangú is airde.

Ní hionann duine a cheadú i gcomórtas, nó cuireadh a thabhairt do dhuine freastal ar agallamh, nó litir a fháil le toradh sásúil inti agus a thabhairt le fios go bhfuil an Roinn Dlí agus Cirt sásta go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais.

Sula molfar aon iarrthóir lena c(h)eapadh sa phost seo, déanfaidh an Roinn Dlí agus Cirt gach fiosrú a mheastar a bhfuil gá leis e.g. sláinte, pearsantacht, teistiméireachtaí fostóra, seiceálacha slándála lena n-áirítear grinnfhiosrúchán nó aon fhiosrú eile a mheastar a bhfuil gá leis chun oiriúnacht an iarrthóra sin a chinneadh. Ní féidir cinneadh críochnaitheach a dhéanamh, agus ní féidir a mheas nó a thabhairt le tuiscint go ndearnadh cinneadh den sórt sin, go dtí go dtabharfar gach céim den phróiseas earcaíochta chun críche go hiomlán.

**Iarrthóirí faoi Mhíchumas**

Iarrtar ar iarrthóirí ar mhian leo leas a bhaint as Freastal Réasúnta tuarascáil leighis/síceolaithe a chur ar aghaidh. Is éard is cuspóir leis an tuarascáil ná feidhmiú mar bhonn chun freastal réasúnta a shocrú nuair is cuí. Ní mór na tuarascálacha sin a chur ar aghaidh chuig martin.greer@staffline.ie

**Iarraidh ar Aiseolas/Athsheiceáil Tástálacha**

Tá aiseolas maidir leis an bpróiseas roghnúcháin ar fáil ach é a iarraidh i scríbhinn. Níl aon achar ama ar leith leagtha amach chun aiseolas a chur ar fáil ná chun athsheiceálacha a dhéanamh.

Tabhair ar aird gur próiseas ar leith é an Próiseas Athbhreithnithe mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus tá achar ama sonraithe nach mór a thabhairt faoi deara. Ní gá aiseolas a fháil chun athbhreithniú a iarraidh. Ní gá d'iarrthóir cás mionsonraithe a chur i dtoll a chéile sula n-iarrtar an córas athbhreithnithe.
Ní féidir ar chúis ar bith síneadh ama a chur leis an achar ama atá leagtha amach i gCód an CCSP lena n-áirítear aiseolas a chur ar fáil agus/nó toradh na n-athsheiceálacha.

**Oibleagáidí Iarrthóirí**

Ní ceart d'iarrthóirí:

- faisnéis bhréagach a sholáthar go feasach nó go meargánta
- canbhasáil a dhéanamh ar aon duine, le dreasacht nó gan aon dreasacht
- pearsanú a dhéanamh ar iarrthóir ag aon chéim den phróiseas
- cur isteach ar an bpróiseas nó dochar a dhéanamh don phróiseas ar bhealach ar bith

Tá sé tábhachtach cuimhneamh gur próiseas iomaíoch é seo do ról ina bhfuil ionracas tábhachtach.
Má roinneann tú faisnéis faoin bpróiseas roghnúcháin e.g. tríd na meáin shóisialta nó trí bhealach eile, d'fhéadfaí, mar thoradh air sin, go ndícháileofaí as an gcomórtas tú.

Níl cead ag tríú páirtí pearsanú a dhéanamh ar iarrthóir ag aon chéim den phróiseas

Tabhair ar aird go bhfuil gach ábhar measúnaithe agus tástála faoi réir cóipchirt agus go bhfuil gach ceart forchoimeádta. Ní féidir aon chuid den ábhar tástála (lena n-áirítear míreanna faisnéise, ceisteanna nó roghanna freagra), ábhar gaolmhar nó agallamh(agallaimh) a athchruthú nó a chur ar aghaidh i bhfoirm ar bith nó trí bhealach ar bith lena n-áirítear go leictreonach, go meicniúil, fótachóipeáil a dhéanamh, grianghraf a ghlacadh, taifeadadh a dhéanamh, i scríbhinn nó ar bhealach ar bith eile, ag céim ar bith. Is cion é má dhéantar sin agus d'fhéadfaí tú a fhágáil amach as an bpróiseas roghnúcháin dá bharr. Aon duine a sháraíonn an fhoráil seo, nó a chuideoidh le duine nó daoine eile an fhoráil seo a shárú, dlífear é nó í a ionchúiseamh agus/nó beidh sé nó sí faoi dhliteanas caingean shibhialta i leith cóipcheart agus maoin intleachtúil a chailleadh.

**Trealamh Taifeadta a Úsáid**

Ní cheadaítear aon chineál trealamh taifeadta a úsáid gan cead a bheith faighte ina leith. Baineann sé sin le haon chineál taifeadadh fuaime agus aon chineál phictiúr neamhbheo nó fístaifeadadh, cibé má tá

taifeadadh fuaime san áireamh nó nach bhfuil, agus clúdaíonn sé aon chineál gairis a úsáidtear chun na gcríoch sin.

Ní mór d'aon duine ar mhian leo úsáid a bhaint as trealamh den sórt sin chun aon cheann de na críocha sin cead i scríbhinn a fháil roimh ré. Tá an polasaí seo i bhfeidhm chun príobháideachas na mball foirne agus na gcustaiméirí agus ionracas an ábhair measúnaithe agus na bpróiseas measúnaithe a chosaint.

Is sárú é ar an bpolasaí seo é má úsáideann duine trealamh taifeadta gan cead a bheith faighte ina leith. D'fhéadfaí aon iarrthóir atá bainteach le sárú den sórt sin a dhícháiliú ón gcomórtas agus d'fhéadfadh an t-iarrthóir sin a bheith faoi réir ionchúisimh faoi alt 55 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

Ina theannta sin, más rud é, sa chás go gciontófar duine i gcion, agus go raibh sé nó sí nó go bhfuil sé nó sí ina iarrthóir nó ina hiarrthóir i bpróiseas earcaíochta:

- sa chás nár ceapadh é/í i bpost, dícháileofar é nó í mar iarrthóir, agus
- sa chás gur ceapadh é/í i ndiaidh an phróisis earcaíochta, caillfidh sé/sí an ceapachán sin.

**Cód Sáraithe Cleachtais**

Aon duine a sháróidh na forálacha thuas nó a chuideoidh le duine eile na forálacha thuas a shárú, beidh sé nó sí ciontach i gcion. Aon duine a chiontófar i gcion, dlífear fíneáil/nó príosúnacht a chur air nó uirthi.

Ina theannta sin, más rud é, sa chás go gciontófar duine i gcion, agus go raibh sé nó sí nó go bhfuil sé nó sí ina iarrthóir nó ina hiarrthóir i bpróiseas earcaíochta,

- dícháileofar iad mar iarrthóir agus fágfar amach iad as an bpróiseas;
- má ceapadh é/í chuig post i ndiaidh an phróisis earcaíochta, cuirfear as an bpost iad.

**Critéir Shonracha an Iarratasóra**

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith ag iarrthóirí:

Eolas agus cumas a bheith acu chun dualgais an phoist atá i gceist a chomhlíonadh. A bheith oiriúnach ó thaobh pearsantachta de
A bheith oiriúnach i ndáil le gach gné ábhartha eile maidir le ceapachán chuig an bpost atá i gceist; agus má éiríonn leis an iarratasóir, ní cheapfar é/í chuig an bpost ach amháin sá chás:

Go n-aontaíonn sé/sí tabhairt faoi na dualgais a bhaineann leis an bpost agus go nglactar leis na cúinsí ina gcuirtear na dualgais i gcrích nó ina bhféadfadh sé bheith riachtanach chun na dualgais a chur i gcrích. Go bhfuil sé/sí go hiomlán inniúil agus ar fáil chun tabhairt faoi na dualgais a bhaineann leis an bpost agus go bhfuiltear go hiomlán cumasach tabhairt fúthu sin.

**Nuair a mheastar iarrthóireacht a bheith tarraingthe siar**

Ní bheidh aon éileamh eile chun a mbreithnithe ag iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh nó tástáil eile nuair is gá agus más gá, nó nach soláthraíonn, má iarrtar a leithéid orthu, cibé fianaise a theastaíonn i dtaca le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

**An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)**

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018, agus tháinig sé in áit an chreata cosanta sonraí atá ann faoi Threoir ón AE maidir le Cosaint Sonraí.

Cuirfear gach beart riachtanach i bhfeidhm lena chinntiú go gcoinneofar sonraí pearsanta slán agus sábháilte agus go bpróiseálfar sonraí pearsanta ábhartha amháin. Ní choinneofar sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá chun an cuspóir dá bhfuarthas iad a bhaint amach.